2026/2531

12.11.2026

CINNEADH (AE) 2026/2531 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Deireadh Fómhair 2026

lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht Mhálta, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 302 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/853 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag féachaint don togra ó Rialtas Mhálta,

Tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(2) den Chonradh, beidh an Coiste comhdhéanta d'ionadaithe d'eagraíochtaí fostóirí, fostaithe agus páirtithe eile atá ionadaíoch don tsochaí shibhialta, go háirithe i réimsí socheacnamaíocha, sibhialta, gairmiúla agus cultúrtha.

(2) An 16 Meán Fómhair 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/1911 ([2]) lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2025 go dtí an 20 Meán Fómhair 2030.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tagtha chun bheith folamh tar éis do Jason DEGUARA éirí as oifig.

(4) Mhol Rialtas Mhálta Robert MICALLEF, *International Secretary, General Workers' Union (GWU)* (An Rúnaí Idirnáisiúnta, Aontas Ginearálta na nOibrithe), mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2030,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo ceaptar, Robert MICALLEF, *International Secretary, General Workers' Union (GWU)* (An Rúnaí Idirnáisiúnta, Aontas Ginearálta na nOibrithe), mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2030.

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/853/oj.
([2]) Cinneadh (AE) 2025/1911 ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2025 lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2025 go dtí an 20 Meán Fómhair 2030 (IO L, 2025/1911, 22.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1911/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 29 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

D. O'BRIEN